


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta:** | Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta & Sláinte UCD |
| **Scoil \| Aonad:** | Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD |
| **Teideal an Phoist & Réimse Ábhair** *(más ábhartha)* | **Oifigeach Teicniúil – Cothú Ainmhithe** |
| **Fad an Phoist:** | Conradh Sainchuspóra (fad measta thart ar 10 mhí) |
| **Grád:** | Oifigeach Teicniúil |
| **Bainisteoir Líne** | Ceann Scoile agus/nó a (h)ainmní |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais** | 017892 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna** | Qiong Zhang |

## Achoimre ar an bPost:

Tá an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath ag iarraidh Oifigeach Teicniúil a earcú chun oibriú i Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia. Oibreoidh an té a cheapfar mar chuid den fhoireann um Chothú Ainmhithe agus um tháirgeadh foráiste a mhúineann réimse modúl maidir le heolaíocht ainmhithe/táirgeadh foráiste d'fhochéimithe agus d'iarchéimithe agus a dhíríonn cláir taighde ceannródaíocha maidir le cothú bó bainne, eallaigh mairteola, muice agus caorach agus táirgeadh foráiste agus úsáid. Beidh an té a cheapfar freagrach as taighde a bhainistiú laistigh den tsaotharlann cothaithe ainmhithe agus laistigh de na foirne cothaithe ainmhithe/táirgthe foráiste níos leithne agus as cuid den teagasc a sholáthar agus cláir a thaispeáint de réir mar is gá.

Beidh scileanna áirithe maidir le hanailís saotharlainne a bhaineann le saotharlann cothaithe ainmhithe gnóthach ag an té a cheapfar. Áirítear leo sin anailís neas-chomhábhar ar ábhair bheatha agus ar fhaecas, roinnt teicnící anailíse ar shnáithín, anailís chomhdhéanaimh ar mhún, bainne, díleá stéigeach agus cnámha. Áirítear le hanailísí eile mianraí, aigéid shailleacha ghearrshlabhracha, meatán, alcáin, meitibilítí fola, aimíonaigéid agus carbaihiodráití. Go hidéalach, beidh cúlra sa cheimic anailíseach ag an té a cheapfar chomh maith le taithí ar obair le GC, HPLC, LECO agus AA agus ba cheart don té inniúlacht ar ríomhairí aige/aici chomh maith, lena gcuimsítear mioneolas ar phacáistí bogearraí atá riachtanach chun tacú le teicnící saotharlainne, mar shampla HPLC, GC srl.

Beidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi lonnaithe go príomha ag Feirm Lyons UCD, Cill Droichid, Co. Chill Dara.

## Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

**Scileanna Teicniúla:**
- Feabhsuithe teicniúla leanúnacha a chur chun cinn, caighdeáin a leagan síos agus solúbthacht a spreagadh laistigh den fhoireann
- Cur le cothabháil agus cúram trealaimh a bhaineann le taighde agus teagasc araon
- Coinneáil cothrom le dáta maidir le forbairtí teicniúla agus dul in oiriúint do theicneolaíochtaí nua
- Teagasc a sholáthar ar úsáid teicnící saotharlainne lena n-airítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, GC, HPLC, AA, LECO, anailís neas-chomhábhar d'fhochéimí, iarchéimí agus taighdeoirí
- Teicnící saotharlainne nua a fhorbairt chun tacú le teagasc agus le cláir taighde

**Sláinte agus Sábháilteacht:**
- Na cleachtais Sláinte agus Sábháilteachta is fearr a chur chun cinn
- A chinntiú go bhfuil cleachtas sábháilte agus úsáid trealaimh cosanta agus éadaí mar chuid den ghnáthamh ó lá go lá

- Na rioscaí a d'fhéadfadh cur isteach ar shábháilteacht ag an obair a thuairisciú don mhaoirseoir ainmnithe agus iad a chur ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí is gá chun srian a choinneáil ar rioscaí, iad a laghdú nó a bhainistiú
- Trealamh saotharlainne in ord oibre ar fheabhas a chothabháil lena n-airítear plean áirithe maidir le cothabháil agus uasghrádú do threalamh saotharlainne uile

**Bainistíocht agus Pleanáil:**

- Cuspóirí agus an chaoi a nascann siad leis an gclár oibre foriomlán laistigh den Scoil/Aonad a thuiscint
- Tús áite a thabhairt d'obair agus í a eagrú chun spriocanna na Scoile/an Aonaid a bhaint amach
- Cabhrú le gníomhaíochtaí bliantúla/réamhphleanála
- Áirithintí a bhainistiú agus a reáchtáil maidir le trealamh saotharlainne agus torthaí a eisiúint go cuí agus go pras
- Páirt a ghlacadh in orduithe agus in airgead na saotharlainne a bhainistiú, lena n-airítear teagmháil a dhéanamh le Príomh-imscrúdaitheoirí

**Scileanna Idirphearsanta:**

- Eolas teicniúil a chur in iúl ar bhealach soiléir, gonta agus sothuigthe
- Éisteacht le daoine eile agus plé leo go tuisceanach agus go foighneach.
- Cur go gníomhach le hobair na foirne, dea-shampla a thabhairt agus freagracht a ghlacadh as a gcinntí féin
- Cuidiú le gnéithe den phróiseas ionduchtúcháin do bhaill foirne agus mic léinn nua
- Freagra a thabhairt ar ghnáthiarratais ar chúnamh ó bhaill foirne

**Riachtanais Seirbhíse**

- Cur chuige seirbhíse gairmiúla a léiriú i leith gach gné den obair

**Nuálaíocht/Solúbthacht/Inoiriúnaitheacht**

- Réimsí nuálaíochta a shainaithint go réamhghníomhach agus moltaí praiticiúla a fhorbairt lena gcur chun feidhme
- Luach a chur ar smaointe nua agus ionchur ó dhaoine eile
- Sceidil, tascanna agus tosaíochtaí oibre a athrú de réir mar is cuí
- Áireofar leis na príomhdhualgais agus leis na príomhfhreagrachtaí Cothú Ainmhithe; beidh ar an sealbhóir poist, áfach, tacaíocht a thabhairt do réimsí agus foirne eile sa Scoil
- Tascanna eile a bhaineann leis an bhfeidhm theicniúil de réir mar a shannann an Ceann Scoile iad

### Riachtanais ar leith an phoist seo:

### Tuarastal: €45,793 - € 60,117 in aghaidh na bliana

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis phinsin ar fáil ag
https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht ionchuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine. Fáiltímid roimh iarratais ó gach duine, lena n-áirítear iad siúd a shamhlaíonn iad féin le haon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. Tá tuilleadh eolais maidir le hÉagsúlacht le fáil ag
https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/
Cuirfear socruithe réasúnta ar fáil d'aon iarratasóir le linn an phróisis agallaimh a chuireann in iúl go bhfuil sé nó sí faoi mhíchumas nó go bhfuil sé nó sí néara-éagsúil.

**Critéir Roghnúcháin**
Tugtar achoimre sna critéir roghnúcháin ar na cáilíochtaí, na scileanna, an t-eolas agus/nó an taithí a bheadh le léiriú ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi ar mhaithe le dualgais an phoist a chomhlíonadh. Déanfar iarratais a mheasúnú bunaithe ar a mhéid a shásaíonn na hiarrthóirí na critéir sin.

Éigeantach:

- Céim Onóracha (do dhaoine aonair a thosaigh in UCD tar éis mhí na Samhna 2006); Dioplóma NCEA nó a chomhionann (do dhaoine aonair a thosaigh in UCD roimh mhí na Samhna 2006).
- Scileanna cumarsáide agus idirphearsanta den scoth, idir scileanna béil agus scríofa.
- Cumas chun oibriú go neamhspleách agus faoi threoir chomh maith le cumas chun oibriú go dlúth le daoine eile mar chuid de thimpeallacht foirne.
- Scileanna pleanála agus eagraíochta den scoth lena n-áirítear cumas léirithe chun oibriú go cruinn agus aird á tabhairt ar mhionsonraí.
- Eolas ar reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta a bhaineann le hobair shaotharlainne.
- Taithí ar thacú le gníomhaíochtaí taighde.
- Cur chuige solúbtha i leith na hoibre, agus toilteanas chun cabhrú le hathrú in eagraíocht atá ag forbairt.
- Ní mór go léireodh iarrthóirí feasacht ar an gclár oibre comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe.
- Taithí ar theicnící mar shampla GC, HPLC, LECO agus AA.
- Taithí ar fhorbairt a dhéanamh ar agus ar chloí le nósanna imeachta caighdeánacha oibriúcháin.
- Cumais mhaithe chun taifid a choimeád le béim ar leith ar inniúlacht ar ríomhairí, lena gcuimsítear mioneolas ar phacáistí bogearraí chun tacú le teicnící saotharlainne, mar shampla HPLC, GC srl.

**Critéir Éigeantacha mar chuid de Chlár Oibre Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe UCD**

- Ní mór go léireodh iarrthóirí feasacht ar an gclár oibre comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe.

Inmhianaithe:

- Taithí 3 bliana ar a laghad ar obair i saotharlann nó i dtimpeallacht ceardlainne
- Taithí ag obair i suíomh oideachais lena n-áirítear taithí ar idirghníomhú le gach leibhéal foirne agus mac léinn.
- Oiliúint Gharchabhrach agus Sábháilteachta
- Iarchéim i réimse ábhartha
- Fianaise gur chuir an duine le foilseacháin a ndearnadh piarmheasúnú orthu
- Taithí ar obair i dtimpeallacht taighde

## Eolas Breise:

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí | https://strategy.ucd.ie/ |
| An Coláiste/Aonad Bainistíochta: | http://www.ucd.ie/chas/ |
| An Scoil/Oifig an Chláir/Aonad: | https://www.ucd.ie/agfood/ |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |

**Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:**

| | |
|---|---|
| Ainm: | An tOllamh John O'Doherty |
| Teideal: | Ceannasaí na Rannóige |
| Seoladh r-phoist: | john.vodoherty@ucd.ie |
| Fón: | +353 1 716 7218 |